



Lucsamburg, 03.12.2021

TAGAIRT: CDT-AST2-2021/04

CÚNTÓIR SA RANNÓG ACHMHAINNÍ DAONNA

GRÁD: AST2

ROINN: RIARACHÁN

ÁIT FOSTAÍOCHTA: LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (an 'Ionad Aistriúcháin') sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Is i Lucsamburg atá sé lonnaithe. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na Roinne Riaracháin, agus go háirithe ar riachtanais na Rannóige Achmhainní Daonna, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta ionadaithe a bhunú chun cúntóirí acmhainní daonna a earcú mar bhaill foirne shealadacha faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh¹.

CÚRAIMÍ

Áireofar an méid seo a leanas, inter alia, i measc chúraimí an chúntóra acmhainní daonna:

I réimse an Roghnúcháin agus na hEarcaíochta:

- nósanna imeachta roghnúcháin a eagrú agus tacú leo le haghaidh gach catagóir d'fhoireann reachtúil, lena n-áirítear tacaíocht chun fógraí folúntais a dhréachtú, tacaíocht lóistíochta a thabhairt do na céimeanna éagsúla sa phróiseas roghnúcháin, tacú le coistí roghnúcháin, cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí, etc.;
- tacú le hoiliúnaithe a roghnú, a earcú agus a chomhordú, le baill foirne eatramhacha agus le catagóirí eile de phearsanra seachtrach;
- taifid pháipéir agus leictreonacha de na nósanna imeachta roghnúcháin a bhunú agus a choinneáil de réir na gcaighdeán comhaontaithe;

¹ Féadfar an liosta ionadaithe céanna sin a úsáid chun baill foirne shealadacha a earcú faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Baill foirne inmheánacha atá fostaithe mar fhoireann shealadach faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (grúpa feidhme AST sa réimse AST2-AST4) is féidir leo an foilseachán seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar fhoilsiú inmheánach.

- tacaíocht a chur ar fáil do gach gné a bhaineann le hearcaíocht agus ionduchtú (i.e. scrúduithe leighis réamhfhostaíochta a eagrú, aisíocaíocht speansas taistil a chomhordú, tairiscintí poist agus conarthaí a ullmhú, seisiúin ionduchtaithe a eagrú, etc.);
- idirchaidreamh a dhéanamh le seirbhísí ábhartha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh chun ionduchtú agus comhtháthú gan deacracht na nuatheachtaithe a chinntiú;
- idirchaidreamh a dhéanamh leis an tseirbhís leighis maidir le scrúduithe leighis, feachtais leighis agus nósanna imeachta easláine a eagrú;
- síntí conartha a bhainistiú;
- an próiseas deireadh seirbhíse a bhainistiú (e.g. dul ar scor, deireadh conartha, dífhostaíocht).

i réimse na Bainistíochta Tallainne:

- cabhrú le forbairt agus riar próiseas agus cleachtas acmhainní daonna (uirilís, seicliostaí, treoirlínte, eagrú comhad, staitisticí);
- a áirithiú go ndéanfar tuairiscí ar phoist a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt;
- na cleachtaí breithmheasa agus ardaithe céime/athaicmithe agus an próiseas promhaidh a bhainistiú;
- tacú le cothabháil taifead pearsanra i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne agus leis na ceanglais maidir le cosaint sonraí;
- a áirithiú go sainaitheofar riachtanais oiliúna eagraíochta agus aonair agus dearadh agus seachadadh pleananna foghlama agus forbartha do bhaill foirne;
- cabhrú le dearadh, cur chun feidhme, faireachán agus comhordú gníomhaíochtaí ginearálta foghlama agus forbartha;
- bunachair shonraí oiliúna ghaolmhara agus pasanna oiliúna foirne gaolmhara a bhainistiú;
- gníomhaíochtaí oiliúna an Ionaid a chomhordú agus an obair leantach riaracháin a bhaineann le hiarrataí ar oiliúint a dhéanamh;
- tacú le cur chun feidhme gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha, lena n-áirítear seirbhísí oiliúna nó seirbhísí forbartha eagraíochta a sholáthar;
- tacú le forbairt beartas acmhainní daonna, dálaí oibre, bainistiú gníomhaíochtaí sóisialta agus leasa, agus imeachtaí foirne.

Taithí i réimse an riaracháin acmhainní daonna:

- bainistiú tráthúil agus cruinn riaracháin teidlíochtaí agus sochar do bhaill foirne a áirithiú;
- iomláine comhad pearsanra a chinntiú i bhfoirm páipéir agus i bhfoirm leictreonach araon;
- gníomhú mar phointe fócasach do cheisteanna maidir le cártaí dlisteanaithe a athnuachan agus idirchaidreamh a dhéanamh idir comhaltaí foirne agus an tseirbhís PMO ábhartha nó na húdaráis náisiúnta;
- teidlíochtaí saoire a bhunú agus faireachán, tuairisciú agus obair leantach a dhéanamh i ndáil le saoire agus neamhláithreachtaí (lena n-áirítear saoire bhreitheachta, saoire pháirtaimseartha, saoire do thuismitheoirí agus saoire speisialta);
- bainistiú riaracháin am oibre;
- riar na dtuarastal a áirithiú;
- na doiciméid a bhaineann le foireann an Ionaid a phróiseáil, lena n-áirítear misin, aisíocaíochtaí, orduithe aisghabhála, slándáil shóisialta etc.;
- cur le comhroinnt faisnéise acmhainní daonna atá trédhearcach agus cothrom le dáta laistigh den Ionad;
- gníomhú mar thionscnóir oibríochtúil idirbheart airgeadais;
- idirchaidreamh a dhéanamh le contraphárteanna agus le páirtithe leasmhara;
- cúnadh a thabhairt le nósanna imeachta soláthair phoiblí agus tairisceana a ullmhú sa réimse acmhainní daonna;
- an obair leantach a bhaineann le cur i bhfeidhm agus réamhaisnéis an bhuiséid foirne a áirithiú, agus cúnadh a thabhairt le feidhmiú pleanála buiséid na foirne;

- faireachán a dhéanamh ar chreachonarthaí agus ar chonarthaí seirbhíse, agus idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse acmhainní daonna seachtracha;
- faisnéis a chur ar fáil i ndáil le ceisteanna inmheánacha agus seachtracha (lena n-áirítear iarratais spontáineacha, iarratais ar fhaisnéis, gearáin etc.);
- cabhrú le staidreamh, méadracht agus tuarascálacha acmhainní daonna a ullmhú;
- tacaíocht ghinearálta a chur ar fáil don Rannóg Acmhainní Daonna.

Iarrfar ar an gcomhalta foirne an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

- gníomhú mar chúltaca do chomhghleacaithe atá as láthair, nuair is gá;
- aon chúraimí eile acmhainní daonna a iarrann an bhainistíocht líne a dhéanamh ar mhaithe leis an tseirbhís.

1. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN:

Chun a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir ar an **31/12/2021**, an dáta deiridh le haghaidh iarratas a chur isteach, na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

a) CRITÉAR INCHÁILITHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- cáilíochtaí: leibhéal oideachais iar-mheánscoile fianaithe le dioplóma²,

nó

leibhéal meánoideachais fianaithe le dioplóma a thugann rochtain ar iar-mhéanoideachas, agus taithí ghairmiúil ábhartha trí bliana ar a laghad ina dhiaidh sin;

- taithí ghairmiúil: ó baineadh amach na cáilíochtaí agus an taithí oibre thuasluaite, ní mór taithí oibre ghairmiúil lánaimseartha trí bliana ar a laghad a bheith ag iarrthóir maidir leis an ról sin.
- scileanna teanga: eolas cuimsitheach ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

b) SCILEANNA TEICNIÚLA RIACHTANACHA

- Oideachas i réimse a bhaineann leis an bpost, i.e. Bainistíocht Acmhainní Daonna, Eolaíocht Shóisialta, Riarachán Gnó nó a gcoibhéis.
- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad i réimse na nAcmhainní Daonna roimhe seo, ag leibhéal náisiúnta nó ag leibhéal an Aontais Eorpaigh.

c) SCILEANNA TEICNIÚLA INMHIANAITHE

- Taithí oibre ar thionscadail digitithe a chur chun feidhme (e.g. uirlisí bainistithe acmhainní daonna, uirlisí ríomh-earcaíochta, uirlisí bainistithe doiciméad).
- Taithí ar Rialacháin Foirne AE agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (CEOS) a chur i bhfeidhm.

² Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

d) **SCILEANNA NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA**

- Cumarsáid scríofa agus labhartha: scileanna dréachtaithe, scileanna achoimrithe agus an cumas cumarsáid a dhéanamh sna teangacha iasachta ábhartha.
- Scileanna idirphearsanta: an cumas oibriú i bhfoireann agus cumarsáid a dhéanamh go maith ag gach leibhéal (go himmheánach agus go seachtrach).
- Braistint freagrachta: discríd agus cumas sonraí pearsanta agus faisnéis rúnda a bhainistiú, aird a thabhairt ar mhionsonraí, éifeachtúlacht, braistint na tionscnaíochta.
- Scileanna eagraíochtúla: an cumas cúraimí éagsúla a bhainistiú agus tosaíochtaí a shonrú, cur chuige modheolaíoch agus réamhghníomhach, ilchumas, cumas comhfhreagras agus doiciméid na Rannóige a bhainistiú agus a eagrú.
- Inoiriúnaitheacht: an cumas cabhrú le daoine eile agus obair a chur i gcrích faoi bhrú, an cumas scileanna nua a fhoghlaim agus dul in oiriúint d'fhorbairtí nua sa timpeallacht TF.
- Ar mhaithe le cúiseanna oibríochtúla, eolas an-mhaith ar an mBéarla³, chomh maith le heolas maith⁴ ar an bhFraincis.

Measúnófar na scileanna sin trí thriail scríofa agus agallamh (féach pointe 2(b)(i) agus (ii) thíos).

2. **NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN**

a) **AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN**

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích in dhá chuid:

- beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta thuasluaite (pointe 1(a)) agus is é an aidhm atá leis an gcéad chuid a dhearbhu cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá sonraithe sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na ceanglais sin;
- sa dara cuid, cuirfear san áireamh an taithí ghairmiúil agus na gnéithe eile a luaitear i bpointe 1(b) ('Scileanna teicniúla riachtanacha'). Déanfar an chuid seo a mharcáil bunaithe ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 10).

Ansin, tabharfar cuireadh don **20 iarrthóir** ar éirigh leo sa chéim réamhroghnúcháin a fuair na marcanna is fearr triail scríofa a dhéanamh agus freastal ar agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin.

b) **AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN**

Leanann an chéim roghnúcháin an nós imeachta a bhfuil cur síos déanta air thíos. Beidh dhá chuid i gceist:

(i) trial scríofa (i mBéarla) ina mbeidh:

- ceistneoir ilrogha (10 gceist) chun measúnú a dhéanamh ar an méid atá ar eolas ag iarratasóirí faoi réimse an phoist a fógraíodh.

³ Leibhéal C1 den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE).

⁴ Leibhéal B2 den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE).

Fad: 30 nóiméad.

- cás-staidéar chun measúnú a dhéanamh ar scileanna scríofa, scileanna anailíseacha agus scileanna na n-iarratasóirí i réimse an phoist a fógraíodh.

Fad: 1 uair an chloig.

Marcálfar an triail scríofa as 20 pointe ar fad: bronntar 10 bpointe don cheistneoir ilrogha i réimse na n-acmhainní daonna agus 10 bpointe don chás-staidéar (pasmharc iomlán: 12).

Is i mBéarla a dhéanfar an triail scríofa agus beidh ar a laghad cuid cháilitheach anaithnid i gceist. Tabhair do d'aire, ní mór d'iarratasóirí arb é an Béarla a bpríomhtheanga na trialacha a dhéanamh i bhFraincis.

- (ii) agallamh (i mBéarla) leis an gcoiste roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarratasóirí na dualgais atá sonraithe thuas a chomhlíonadh. Deis a bheidh san agallamh freisin díriú go háirithe ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar a gcuid scileanna sna réimsí a luaitear i bpointe 1(b) agus i bpointe 1(c).

D'fhéadfaí an t-agallamh a dhéanamh an lá céanna a dhéantar an triail scríofa, nó ceann amháin de na laethanta roimhe sin nó ina dhiaidh sin.

Fad an agallaimh: thart ar 30 nóiméad.

Marcálfar an t-agallamh as 20 (pasmharc: 12).

Reáchtálfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg nó go cianda.

Nuair a bheidh an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, bunóidh an coiste roghnúcháin liosta ionadaithe in ord aibíre d'iarratasóirí. Is iad na hiarratasóirí a n-éireoidh leo na hiarratasóirí a ghnóthaigh an pasmharc iomlán riachtanach sa triail scríofa agus an pasmharc san agallamh (féach pointe (i) agus pointe (ii)). Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach gcinntítear tairiscint poist dóibh má tá a n-ainm luaite ar an liosta ionadaithe.

Ní mór d'iarratasóirí ar tugadh cuireadh dóibh an triail scríofa a dhéanamh agus freastal ar an agallamh, ar lá an agallaimh, fianaise dhoiciméadach ábhartha a sholáthar maidir leis an bhfaisnéis atá luaite ar an bhfoirm iarratais, mar atá cóipeanna de dhioplómaí, de theastais agus de dhoiciméid eile a chruthaíonn a gcáilíochtaí agus a fhianaíonn a dtaithe ghairmiúil agus dátaí tosaigh agus deiridh an phoist a léiriú go soiléir, an post a bhí ag an iarratasóir, agus nádúr beacht na gcúraimí i gceist, etc. Má dhéantar na trialacha go cianda, féadfaidh iarratasóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a sheoladh trí ríomhphost chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

Sula mbunófar an liosta ionadaithe, déanfaidh an Coiste Roghnúcháin anailís ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí ar éirigh leo san agallamh agus sna trialacha scríofa.

Sula síneofar aon chonradh, ní mór d'iarratasóirí ar éirigh leo, na bunchóipeanna agus na cóipeanna dílse deimhniú de gach doiciméad ábhartha a chur isteach d'fhonn a chruthú go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta.

Beidh an liosta ionadaithe **bailí go dtí an 31/12/2022** agus féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin de rogha údarás an Ionaid Aistriúcháin a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí Conradh trí bliana (in-athnuaithe) a thairiscint d'iarratasóirí roghnaithe i gcomhréir le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Má éilíonn leibhéal rúndachta na hoibre a rinneadh a leithéid, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an iarrthóir a roghnófar imréiteach slándála a iarraidh.

Earcófar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo i ngrúpa feidhme/grád AST2. Is é EUR 3 394.97 an buntuarastal míosúil do ghrád AST2 (céim 1) faoi láthair. Anuas ar an mbuntuarastal, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntais éagsúla a fháil, liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), mar shampla, srl.

Chun a bheith incháilithe, ní mór don iarrthóir rathúil na nithe seo a leanas a dhéanamh sula gceapfar é/í:

- aon oibleagáidí faoin dlí lena rialaítear seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)⁵;
- dul faoi scrúdú leighis atá eagraithe ag an Ionad Aistriúcháin d'fhonn ceanglais Airteagal 12 (2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

4. NÓS IMEACHTA IARRATAIS

Ba cheart d'iarratasóirí ar spéis leo an post a n-iarratas a dhéanamh ar líne trí Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) laistigh den spriocdháta.

Molaimid go láidir d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. De réir na taithí atá againn, d'fhéadfadh go mbeadh brú ar an gcóras sna laethanta roimh an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeadh sé deacair iarratas a dhéanamh in am.

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil leis an rannóg Acmhainní Daonna trí ríomhphost a sheoladh chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

COMHDHEISEANNA

Is fostóirí comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus earcaítear iarrthóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó clonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta ná staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ MAIDIR LE LEASANNA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfaí a mheas mar leasanna atá dochrach dá neamhspleáchas.

⁵ Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil aige/aici.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí a mheasann go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag pointe ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chomhdú leis an Ombudsman Eorpach (féach larscríbhinn I).

IARRATAÍ Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINNEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. De bhua an chirt sin, féadfar faisnéis fhorlíontach maidir lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a chur ar fáil d'iarratasóirí arna iarraidh sin dóibh. Ní mór d'iarratasóirí a n-iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin laistigh de mhí amháin tar éis fógra a fháil faoi na torthaí a fuarthas le linn an nós imeachta roghnúcháin. Gheobhaidh siad freagra laistigh de mhí amháin. Nuair a bheifear ag déileáil le hiarrataí tabharfar aird ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar atá éilithe le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar chosaint dhaoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 45/2001 agus Cinneadh Uimh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch 39). Baineann sé seo go háirithe le rúndacht agus sábháilteacht sonraí den sórt sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach an [fógra príobháideachais sonrach](#).

IARSCRÍBHINN 1 IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil na himeachtaí breithiúnacha go léir faoi rún. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh ar leith dochar dá leasanna, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAÍ AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir a sheoladh, ag iarraidh faisnéis bhreise nó athbhreithniú, agus ina sonraítear do chúiseanna, chuig:

Cathairleach an Choiste Roghnúcháin CDT-AST2-2021/04

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl duit. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

Faoi bhráid: An tÚdarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a thabhairt i gcrích CDT-AST2-2021/04

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

I gcás an dá chineál nós imeachta sin, tosóidh na spriocdhátaí a shonraítear [sna Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287, 29.10.2013, Ich. 15 – <http://eur-lex.europa.eu/homepage.html>) ón dáta a dtabharfar fógra d'iarratasóirí faoin ngníomh a líomhnaítear a dhéanann dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil an chumhacht ag an údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích cinntí an Choiste Roghnúcháin a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte Breithiúnais nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag coistí roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag cúirteanna an AE ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gcoistí roghnúcháin.

III. GEARÁIN A DHÉANAMH LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a chomhdú le:

An tOmbudsman Eorpach
1 avenue du Président Robert Schuman – CS 30403
F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na

coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgas an Ombudsman (94/262/ECSC, CE, Euratom) (IO L 113, 4.5.1994, Ich. 15).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirme maidir le gearáin a chur isteach nó maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige iomchuí leis na hinstiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith a thaisceadh leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de Chinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.